

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA

Fáilte chuig Nuachtluir miosúil Ealaín na Gaeltachta



Nuacht **Scéim Sparánachta d'ealaíontóirí Gaeltachta**

Cuirtear fáilte roimh iarratas anois don Scéim Sparánachta ó Ealaíontóirí Gaeltachta. Tá an scéim dírithe orthu siúd atá ag saothrú mar ealaíontóirí gairmiúla áit a dtugann sé deis don ealaíontóir am a chur ar leataobh le forbairt cleachtais ealaíona a bhaint amach.



Fáiltíonn muid roimh iarratais ó ealaíontóirí atá ag maireachtáil sa Ghaeltacht, d'aon mheán ealaíona, (m.sh. scríbhneoirí, ceoltóirí, rinceoirí, fíos-ealaíontóirí, aisteoirí & r.l.). Thig foirm iarratais agus critéar na scéime a fháil anseo ar ár suíomh.

Tá sé molta teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach cuí in oifigí Údarás na Gaeltachta chun treoir a fháil agus tú ag líonadh an t-iarratas.

Spriocdháta d'iarratais:
27 Iúil 2020



Nuacht

Treaslaíonn muid le hEalaíontóirí

Gaeltachta

Tá ealaíontóirí na Gaeltachta tar éis léiriú, níos mó ná riámh, cé chomh samhlaíoch, spreagúil agus tábhachtach is atá siad le linn an tréimhse seo.

Tuigimid nach bhfuil faoiseamh ann go fóill don mhór chuid d'ealaíontóirí atá tar éis tromlach a gcuid oibre agus a gcuid deiseanna oibre a chailliúint agus maireachtaint le níos mó éiginnteacht fiú ná mar a dhéanann siad de ghnáth.



Fáiltíonn Ealaín na Gaeltachta roimh an €20 milliúin breise atá geallta ag an rialtas don gComhairle Ealaíon agus leanaimid lenár dtiomantas na hacmhainní atá ar fáil d'ealaíontóirí agus d'ealaín na Gaeltachta a mhéadú.

Oíche Chultúir 2020...a Athshamhlú



I bhfianaise impleachtaí an víreas corona, is léir go bhfuil roinnt dúshláin nua ann agus muid ag pleanáil d'Oíche Chultúir na bliana seo, ach tá a fhios againn gur féidir linn oibriú le chéile agus ceiliúradh iontach a bheith againn.

Tá súil againn go dtabharfaidh clár na bliana seo deis iontach chun tábhacht agus luach ár n-earnála cruthaithí a aithint. Tá pleannanna ar bun cheana féin,

Tá muid ag súil go rachfar ar aghaidh le líon beag imeachtaí beo, má chloítear le bearta um fhadú sóisialta. Bí i dtéagmháil linn má tá tuilleadh eolas uait. – www.ealain.ie/www.culturenight.ie

Nuacht

Féilte Gaeltachta ag teacht chugaibh tríd an líonsa, Féile Ealaíona an Earagail agus....



Is cúis áthais do lucht eagraithe Féile Ealaíne an Earagail a fhógairt go mbeidh an fhéile go fóill ina cuid de d'fhéilire d'imeachtaí ealaíon i mí Iúil! Cuirfear príomhfhéile samhraidh Dhún na nGall ar fáil trí 18 n-imeacht dhigiteacha thar na 18 lá a bhí roghnaithe don fhéile cheana, is é sin 9 go 26 Iúil 2020.

Féile athshamhlaithe é Srutháin, clár 18 lá de léirithe ar líne agus raidió, ealaíona idirghníomhacha, máistir-ranganna agus amharclanna 'Pop-Up'.

.....Féile Traidphicnic

Le cúpla mí anuas, bhí an coiste deonach de cheathrar, le tacaíocht iontach ón bpobal agus á maoinitheoirí stáit, gnóthach ag réiteach d'fhéile Traidphicnic 2020, a bheas á craoladh ar líne, Facebook & YouTube ón 3-5 Iúil.

I rith na deireadh seachtaine, beidh sraith ceolchoirmeacha ar siúl, Turas Siar (le ceoltóirí ó Bharna go Carna!) agus An Airdín Buí – blaiseadh den oidhreacht agus de na healaíona traidisiúnta. Beidh seisiún beo clainne ann agus beidh deis 3 phort a fhoghlaim ó chnuasach ceoil idirghníomhach ITMA (ó bhailiúchán Joyce, 1909!). Tá an coist ag iarraidh oraibh teachtaireachtaí agus físeáin díobh féin ag ceol, ag damhsa agus ag gabháil fhoinn le linn na féile a sheoladh isteach chucu!



Nuacht

Fís: Campa Samhradh ar líne sna healaíona dúchasacha do dhéagóirí 12-17bl

Cuan



Beidh scoth na n-áisitheoirí gairmiúla ag teagasc an chúrsa – ina measc: Darach Mac Con Iomaire (Scríobh) Nollaig Ní Laoire (Amhránaíocht) Sibéal Davitt (Damhsa) Oisín Mistéil (Teic & Eagarthóireacht) Neasa Ní Chuanaigh (Puipéadóireacht) Éilís Lennon (Ceol) & Dara McGee (Ealaín).

Cláraigh anois @ www.ealaín.ie/fís
Eolas: 091 553838 / 087 2995452

Dé Luain 27 Iúil –

Dé Sathairn 8 Lúnasa 2020

Is cúrsa coicíse é FÍS a nascfas na healaíona dúchasacha le ceird na scannánaíochta chun féith na cruthaitheachta a spreagadh i ndéagóirí sa Ghaeltacht.

Tá talann dochreidte ag aos-óg na linne seo, ní hamháin sna healaíona dhúchasacha, ach sa teicneolaíocht chomh maith.

Tabharfaidh FÍS deis do dhaoine óga le Gaeilge bualadh le chéile le cairdis nua a bhunú agus a gcuid talainn sna healaíona dhúchasacha a fhorbairt le chéile chun saothair nua físe ar ardchaighdeán a chruthú.

Tá an cúrsa seo a reáchtáil ag Stiúideo Cuan faoin gclár Cuisle atá á chomhordú ag Ealaín na Gaeltachta le maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le díriú ar chur chun cinn na n-ealaíón dúchasach teanga-bhunaithe mar thaca ar an bpróiseas pleánala teanga. Tá tacaíocht faigte ag an gcúrsa seo faoin bpróiseas pleánala teanga.

Nuacht

Ceardlanna, Altanna Eolais


Tá fáil mhaith ar imeachtaí ealaíona, ceardlanna agus achmhainní ar-líne i rith na hama seo.

Tá acmhainní agus eolas a scaipeadh go rialta ag Theatre Forum, An Chomhairle Ealaíon, NCFA, Minding Creative Minds. Tá na himeachtaí seo agus gach eolas fúthú le fáil thríd a gcuid leathanaigh Facebook nó an suíomh, déan cliceáil thíos.


- [An Chomhairle Ealaíon](#)



- [NCFA](#)



- [Theatre Forum](#)



- [Pobal](#)



Céimeanna le hathoscailt

- [Minding Creative Minds](#)



- [MyWelfare.ie](#)

COVID-19 Pandemic
Unemployment Payment
Information



Na hlonaid

Ag leanúint don treoir atá eisithe ag an Rialtas agus na hÚdaráis Sláinte Poiblí, tá na hlonaid Ealaíona Gaeltachta thíos dúnta don phobal go bhfógraítear a mhalairt. Tá go leor obair ar na bacáin acu - coinnigí súil ghearr ar a gcuid leathanaigh Facebook.

An tlonad Cultúrtha, Baile Mhúirne



Amharclann Ghaoth Dobhair



An Gailearaí, Gaoth Dobhair




Áras Éanna, Inis Oírr



Ceolchoirmeara beo ar-líne gach Déardaoin ar Facebook, beidh Róisín Elsafty beo anocht.

Áras Inis Gluaire



Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

Scéim Sparánachta d'ealaíontóirí 2020

Tá Scéim Sparánachta d'ealaíontóirí oscailte anois. (Ich 1). Tá gach eolas agus comhairle le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona i do cheantar.

Spriocdháta: 27 Iúil 2020.



Scéim Forbartha na nEalaíón 2020

Cuirfear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sna ceantair Gaeltachta le deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar thionscnamh agus ar ghníomhachtaí ealaíona a chuirfear ar siúl sa Ghaeltacht.

Spriocdháta leanúnach

Scéim Síol: (uasmhéid maoinithe €1,000)

Ba mhaith le hEalaín na Gaeltachta Teo. a mheabhrú d'ealaíontóirí agus do phobal na Gaeltachta go bhfuil Scéim Urraíochta Síol le buiséad sual le €1,000 oscailte seasta le linn an tréimhse dúshlánach seo.

Sonraí teagmháil thíos.

Scéim Nóta: (uasmhéid maoinithe €1,000)

Is scéim straitéiseach í NÓTA atá oscailte do ghrúpaí agus daoine aonaracha lasmuigh de chomhthéacs oideachais foirmeálta. Is ar mhaite le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna an scéim seo.

Sula ndeánfar iarratas, moltar dul i dteagmháil leis an gComhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige nó an Áisitheoir Ealaíona Réigiúnach i do cheantar. Tuilleadh Eolais: e.scahill@udaras.ie



Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

Nuachtlitir na Comhairle Ealaíon

Maoiniú atá ar fáil faoi láthair:

- Scéim spás oibre na bhfísealaíontóirí - **02/07/2020**
- Scéim Infheistíochta na bhFéilte - **23/07/2020**
- Damhachtáin Sparánachta (Ceol, Litríocht Gaeilge, Na hEalaíon Traidisiúnta srl.)

Liosta iomlán ar an suíomh: **30/07/2020**

Eigse Éireann



Deiseanna oiliúna, cúrsaí, comórtais, dámhachtainí, glaonna ar aighneachtaí, cónaitheachtaí agus deiseanna d'fhilí.

Tá gach eolas fúthu ar shuíomh Eigse Éireann.

www.poetryireland.ie



Create Éireann – Spriocdhátaí Athruithe



Scéim Ealaíontóir sa Phobal:

Sprioc dhátaí athraithe go 27 lúil do Bhabhta 2 – Dhámhachtain Taighde & Forbartha & Damhachtain Tográí

Acmhainní agus eolas ar fáil chomh maith ar www.create.ie

Deiseanna Eile

Visual Artists Ireland

Tá deiseanna agus acmhainní forbartha le fáil ar shuíomh Visual Artists Ireland d'fhís ealaíontóirí agus is fiú chomh maith súil a coinneáil ar na cúrsaí agus na fóraim ar-líne a bhíonn á reáchtáil acu ó am go chéile.

Téigh chuig a suíomh: www.visualartists.ie

Ionad Dealbhóireachta Liatroma –
Glaoch Oscailte

Tá Ionad Cónaithe Dealbhóireachta
Liatroma ag bronnadh ceithre
Chónaitheacht Taighde & Forbartha
ar ealaíontóirí le linn 2020.

Soláthraíonn an clár cónaitheachta
nua seo an spás, an t-am agus an
tacaíocht d'ealaíontóirí atá ag obair
i réimse na n-físealaíona
comhaimseartha,
chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar caidrimh úra idir
tírdhreach, éiceolaíocht agus / nó téamaí comhshaoil.
Tuilleadh eolais – www.leitrimsculpturecentre.ie

Spriocdháta d'iarratais: **31 Iúil 2020**

Tréimhse Cónaitheach



Public Art

Eolas ar dheiseanna coimisiúin faoin Scéim Céatadán don
Ealaón le n-aimsíú ar an suíomh www.publicart.ie

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn
ag ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais
agaibh ar mhaith libh a fhógaírt nó má tá aon
chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a
fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíona
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht/Laighean
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir Clár na hEalaíona
Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Údarás na Gaeltachta



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

